Acmhainn 1 (Gníomh 1)

Ranganna Drugaí

I mBliain 8, baineadh úsáid as carr mar shampla le cur síos ar na ceithre rang drugaí.

- Bhí drugaí a chuireann moill ar an chorp inchurtha leis na coscáin (dúlagráin).
- Bhí drugaí a chuireann luas leis an chorp inchurtha leis an luasaire (spreagthaigh).
- Drugaí a chuireann an chuma air go bhfuil ola spréite ar an ghloine gaoithe agus a athraíonn an dóigh a bhfeicimid rudaí (siabhraiginí).
- Drugaí a choisceann pian mar a dhéanann an mála aeir (codlaidínigh).



Spreagthaigh



Dúlagráin



Siabhraiginí

Codlaidínigh

Acmhainn 2 (Gníomh 1)

Cur le Chéile Cineálacha Drugaí

Tarraing líne ó na drugaí liostaithe ar chlé chuig an rang cuí, dar leat.

Ainmneacha Drugaí	Rang
Alcól	
Nicitín	Spreagthaigh
Luasóg	
Eacstais	Dúlagráin
Hearóin	
Cócaon	
LSD	Siabhraiginí
Cannabas	
Tuaslagóirí	Codlaidínigh
Caiféin	

Acmhainn 2 (Gníomh 1)

Cineálacha Drugaí – Bileog Freagraí (1 de 2)

Alcól (Dúlagrán) Ar dtús, mothóidh tú go dtugann sé scíth agus muinín duit. Tá sé andúile má bhaintear úsáid as go rialta. Má ólann tú go rialta nó má dhéanann tú ragús óil, bíonn torthaí troma ann ar d'fholláine coirp. Is féidir go dteagmhófar don ae, don néarchóras agus don inchinn. Níl aon teorainneacha sábháilte aitheanta ann do pháistí nó do dhéagóirí. Is féidir go rachaidh an mhuintir óga sa chontúirt má tá siad ar meisce, m.sh. ag troid, caidreamh collaí gan chosaint, srl.

Nicitín (Spreagthach) Tá sé iontach andúile agus is é is cúis le galair mar ailse, ghalar croí agus bhrú fola ard.

Luasóg (Spreagthach) Tugtar amfataimíní, ardóga, *whizz*, sulfáit air fosta. Faightear é i bhfoirm púdair (atá cróchbhuí nó liathbhán) nó piollaire. Is féidir amfataimíní a shlogadh siar, a tharraingt isteach ar na gaosáin, a chaitheamh nó a instealladh. Amanna, déantar leacht le hól díobh. Mothaíonn daoine mar go mbeadh a lán fuinnimh acu, *buzzy* agus is minic a labhraíonn siad cuid mhór. Ach, ar an lámh eile, tarlaíonn go mbíonn eagla nó imní nó cancracht ar dhaoine, agus bíonn roinnt daoine ag siabhránú.

Hearóin (Codlaidíneach) Tugtar H, *smack, skag, horse, junk, brown* uirthi fosta. Is púdar donnbhán í. Caitear, tarraingítear isteach ar na gaosáin nó instealltar í, agus cuireann sí suaimhneas agus sástacht ar dhaoine, agus mothaíonn siad go bhfuil siad scoite ón domhan. Tá sí iontach andúile, fiú mura n-instealltar í. Tá an baol ann fosta galar ae (heipitíteas) a thógáil, nó ionfhabhtú VEID, a fhéadann SEIF a tharraingt. Tá cógas cóidín, a cheannaítear thar an chuntar, san fhine chéanna drugaí.

Cócaon (Spreagthach) Tugtar *coke, snow, Charlie, C* agus cnagchócaon (rock, wash, stone) air fosta. Cuireann sé muinín agus beocht i ndaoine, ach is féidir leis tuirse, eagla, easuan a chur orthu chomh maith, agus tig leis damáiste a dhéanamh don chliabhrach agus don tsrón. Is féidir le cócaon suaitheadh, trithí, taomanna agus ródháileog a tharraingt. Is púdar bán cócaon a tharraingítear isteach ar na gaosáin, agus is féidir é a thuaslagadh agus a instealladh. Faightear cnagchócaon i bhfoirm criostail (carraigeacha) ar chóimhéid le pónaire bácáilte. Caitear é agus bíonn tionchar aige atá inchurtha le tionchar púdar cócaoin, ach bíonn an tionchar seo níos gasta agus níos déine, agus is giorra a mhaireannn sé.

Eacstais (Spreagthach le feidhm shícideileach) Tugtar *E*, piollairí, *brownies, disco biscuits, hug drug, Mitsubishis, Doves, XTC* uirthi fosta. Faightear í i bhfoirm táibleid dar iliomad dathanna agus cruthanna. Cuireann siad áthas, beocht agus cairdiúlacht mhór ar dhaoine, ach mothaíonn roinnt daoine imníoch agus eaglach. Má chaitheann tú í agus tú ag déanamh a lán damhsa, tá sé furasta éirí díhiodráitithe, agu is féidir leis seo an bás a tharraingt.

Acmhainn 2 (Gníomh 1)

Cineálacha Drugaí – Bileog Freagraí (2 de 2)

LSD (Siabhraigin) Tugtar *acid, trips, tabs, microdots, stamps* air fosta. Faightear é i bhfoirm píosaí beaga páipéir ina bhfuil an druga tuilte. Bíonn pictiúir ar na cearnóga beaga. Itear nó diúltar LSD. Bíonn siabhránú (*trip*) mar thoradh air agus feictear cruthanna nó dathanna aisteacha agus cluintear tormáin. Is féidir le *trips* a bheith aoibhinn nó scanrúil agus maireann siad go leor uaireanta an chloig. Tá seans ann go mbeidh *'flashback'* agat go leor míonna ina dhiaidh, nuair a mhothóidh tú mar a mhothaigh tú le linn an trip, cé nár chaith tú aon LSD le seachtainí anuas.

Cannabas (Dúlagrán a bhfuil airíonna siabhraigine aige) Tugtar marachuan, *grass, dope, weed, skunk, hemp* air fosta. Seo an druga is mó a úsáideann an mhuintir óga faoi láthair. Tá roisín cannabais cosúil le ciúb donn stoic, agus tá cannabas/marachuan cosúil le luibheanna triomaithe nó le síolta. De ghnáth, rolltar i ndúidín é agus caitear mar thoitín nó i bpíb speisialta é. Is féidir é a bhácáil i gcístí fosta. Cuireann sé suaimhneas ar an chuid is mó de dhaoine, agus tá seans go mbeidh fonn orthu a lán cainte nó gáire a dhéanamh. Is féidir leis fosta tú a dhéanamh scaollmhar agus neirbhíseach, trína chéile, tuirseach agus ocrach. Bíonn sé mar chúis ag galair scamhóige, go díreach mar a bhíonn toitíní. Spreagann cannabas an scitsifréine i ndaoine áirithe.

Tuaslagóirí (Dúlagrán) amhail gliú, gás bútáin agus aerasóil. Is féidir iad a tharraingt isteach ar na gaosáin, a spré isteach sa bhéal, sa tsrón, nó an mhúch a análú as mála líonta le gás. Tugann siad ar dhaoine a bheith ar na ribí. Is féidir leis na substaintí seo tabhairt ar dhaoine rudaí a dhéanamh nach mbeadh an misneach acu chucu de ghnáth, agus tá seans go mbeidh siabhránú acu. Amanna, stadann an croí, fiú nuair a bhaintear triail astu den chéad uair, agus thiocfadh an bás a bheith mar thoradh air seo.

Caiféin (Spreagthach) An druga atá i gcaife agus i dtae. Cuireann sé ar dhaoine a bheith níos airdeallaí. Is féidir le barraíocht de, nó le staonadh uaidh, tinnis chinn, creathanna agus pamparnach croí a chur ar dhaoine.

Cé nach bhfuil siad luaite ar bhileog oibre na ndaltaí, is dúlagráin iad suaimhneasáin (m.sh. valium nó diazepam, temazepam, tranx, jellies). Faightear iad i bhfoirm capsúil agus táibléid, i ndathanna éagsúla agus i gcruthanna éagsúla. Itear nó instealltar iad. Bíonn daoine suaimhneach agus is féidir go dtitfidh siad ina gcodladh. Cé go n-ordaíonn an DG iad go minic, is minic a bhaintear mí-úsáid astu. Tá siad iontach andúile.

Acmhainn 3 (Gníomh 1)

An Druga Is Mó/Is Lú Dainséar (1 de 2)

alcól
nicitín
luasóg
hearóin
cócaon
eacstais
LSD
cannabas
tuaslagóirí

Acmhainn 3 (Gníomh 1)

An Druga Is Mó/Is Lú Dainséar (2 de 2)

Níl freagra ceart amháin ann.
Bíonn drugaí éagsúla dainséarach ar dhóigheanna éagsúla.

- an ceann is andúile – **Héaróin**

- an ceann is mó a mharaíonn daoine – **Nicitín** (Sa bhliain 2005, tuairiscíodh 111,000 bás sa Ríocht Aontaithe)

- Faigheann duine amháin as gach 4 bás an chéad uair a chaitheann siad é - **Tuaslagóirí**

- An tionchar is mó ar an tsochaí, ag cruthú fadhbanna sóisialta – chosain se £777 milliún ar Thuaisceart Éireann in 2005 – **Alcól**

- Is féidir leis fadhbanna troma síceolaíocha agus fadhbanna codlata a chruthú – **Luasóg**

- Is féidir tuilleadh suaite agus trithí agus ródháileog a chruthú má mheasctar le drugaí eile é – **Cócaon**

- Cuirfidh sé isteach ar do smaointe go sealadach, agus is féidir go bhfillfidh na héifeachtaí gan foláireamh (*Flashbacks*) – **LSD**

- Ardaíonn teocht an choirp, díhiotráidíonn an corp agus tá sé ceangailte le taomanna imní agus scaoill – **Eacstais**

- Is féidir leis eagla, samhnas agus dearmad a chur ort. Is féidir leis fosta dochar a dhéanamh don scornach, do na scamhóga agus do bhaill eile choirp. Sa deireadh, ní bhíonn roinnt daoine in ann éirí as, impleachtaí do sheirbhísí meabhairshláinte - **Cannabas**

Acmhainn 4 (Gníomh 1)

An Dóigh a dTéann Drugaí i gCion ar an Inchinn (1 de 3)

An Dóigh a dTéann Drugaí i gCion ar an Chorp
Ba é an sainmhíniú a d'úsáid muid i mBliain 8 ar dhruga: "Is substaint druga a athraíonn an dóigh a n-oibríonn an corp nó a athraíonn an dóigh a mothaíonn, a n-airíonn, nó a síleann daoine, nó an dóigh a n-iompraíonn sé é féin." Nuair a chuireann muid druga a athraíonn fonn isteach inár gcorp, iompraíonn sruth na fola na ceimiceáin seo chuig an inchinn. Istigh san inchinn, cuireann drugaí tús le freagairt chasta a thugann éifeacht athraithe foinn. Má chaitheann duine druga athraithe foinn go minic, is féidir le hathrú teacht ar oibriú na hinchinne. Creidimid go bhfuil sé tábhachtach tuiscint a bheith air seo leis na rioscaí atá ann a mheas i gceart.

Ag Foghlaim Faoin Inchinn
Le linn dúinn gach rud a dhéanamh – ag ithe, ag ól, ag súgradh, ag bogadh, ag smaoineamh, ag caint – bíonn sraith gníomhartha leictreacha agus ceimiceacha ag dul ar aghaidh san inchinn. Tá an inchinn comhdhéanta de pháirteanna difriúla agus de na milliún néarchill ar a dtugtar néarón a chaithfidh a bheith i gcumarsáid lena chéile le go n-oibreoidh an inchinn. Tá na milliún de na néarchealla seo i d'inchinn, i do dhromlach agus i néaroga ar fud do choirp. Bíonn na néarchealla seo ag seoladh teachtaireachtaí chuig a chéile ar luas dochreidte. Cuireann siad seo i gcrích trí scaoileadh ceimiceán darb ainm tarchuradóirí néarógacha.

Acmhainn 4 (Gníomh 1)

An Dóigh a dTéann Drugaí i gCion ar an Inchinn (2 de 3)

Amharcaimis ar shampla:
Má smiotann tú do mhéar coise ar rud, caithfidh comhartha na péine taisteal ó do mhéar coise go dtí an inchinn agus ar ais go dtí do chos. Caithfidh sé taisteal thar na milliúin néarchill. Tá gá le tarchuradóirí néarógacha le cuidiú leis an chomhartha sin taisteal ó néarchill go néarchill. An bhfuil cuma chasta air sin? Bhuel, tá sé casta!

Bíonn stiúir ag tarchuradóirí néarogacha éagsúla ar rudaí éagsúla, mar shampla smaointe, imní, fonn, ardú, mothúcháin phléisiúir.



Acmhainn 4 (Gníomh 1)

An Dóigh a dTéann Drugaí i gCion ar an Inchinn (3 de 3)

Cuireann athruithe i gCeimic na hInchinne Athruithe ar Fhonn
Maidir le drugaí, bíonn tábhacht le tarachuradóirí néarógacha. Tagann cuid mhór de na héifeachtaí a bhíonn ag alcól agus ag druga eile as gníomhuithe na dtarachuradóirí néarógacha a athrú. Is féidir le caitheamh druga, alcól san áireamh, athruithe a dhéanamh sa dóigh a dtáirgeann, a scaoileann agus a nglacann néarchealla tarachuradóirí néarógacha. Is féidir le drugaí fosta aithris a dhéanamh ar fheidhm tarchuradóirí néarógacha, bac a chur léi nó cur lena héifeachtacht. Nuair a tharlaíonn athruithe mar seo i d'inchinn, athraíonn d'fhonn chomh maith. Baintear úsáid as an fhrása drugaí athruithe foinn le cúis. Athraíonn na drugaí seo an dóigh a mothaíonn tú.

An Inchinn agus Drugaí
Má chuireann tú d'inchinn faoi thionchar a lán drugaí, tá sé inchurtha le dramhaíl a chaitheamh isteach san fharraige. Ar dtús, ní thugtar an méid faoi deara ach, de réir mar a théann an t-am agus an caitheamh ar aghaidh, tosaíonn tú na hiarmhairtí a thabhairt faoi deara. Má chuirtear stad leis an chaitheamh isteach, ní dhéantar tuilleadh damáiste, ach níl aon chinnteacht ann go mbeidh an fharraige choíche mar a bhíodh sí. Mar an gcéanna leis an fharraige, is féidir le d'inchinn a bheith truaillithe ag alcól nó ag drugaí eile. Cuireadh isteach ar chothromaíocht nádúrtha na gceimiceán i d'inchinn.